Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000001/2018 ar an gCoimisiún
Rule 130b
Patrick Le Hyaric, Martina Michels, Paloma López Bermejo, Ángela Vallina, Tania González Peñas, Sofia Sakorafa, Marisa Matias, Josu Juaristi Abaunz, Martina Anderson, Matt Carthy, Lynn Boylan, Liadh Ní Riada, Eleonora Forenza, João Ferreira, João Pimenta Lopes, Miguel Viegas, Younous Omarjee, Xabier Benito Ziluaga, Javier Couso Permuy, Curzio Maltese, Lola Sánchez Caldentey, Luke Ming Flanagan, Barbara Spinelli, Nikolaos Chountis, Takis Hadjigeorgiou, Marina Albiol Guzmán, Marie-Christine Vergiat, Neoklis Sylikiotis, Merja Kyllönen, Kostadinka Kuneva, Maria Lidia Senra Rodríguez, Miguel Urbán Crespo, Helmut Scholz, Marie-Pierre Vieu, Dimitrios Papadimoulis, Stelios Kouloglou, Estefanía Torres Martínez, Sabine Lösing

Ábhar: Rannpháirtíocht Iosrael i dtionscadail arna maoiniú ag Horizon 2020

Is é is aidhm do thionscadal taighde “Law Train” arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoi chuimsiú chlár taighde agus nuálaíochta Horizon 2020, ina bhfuil Iosrael rannpháirteach, “teicnící ceastóireachta a chomhchuibhiú agus a roinnt idir na tíortha lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua na coireachta trasnáisiúnta”.

Tá buiséad de EUR 5,095,687.50 ag an tionscadal sin, agus aistreofar a leath go dtí na hinstitúidí Iosraelacha lena mbaineann, agus i measc na gcomhlachtaí a dhéanfaidh comhordú ar an mbuiséad tá Roinn Slándála Iosrael. (RSI).

1. An ndearna an Coimisiúin measúnú ar sháruithe tromchúiseacha agus iomadúla MIS ar fhorálacha Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh (Airteagal 106), ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach (Airteagal 1 agus Airteagal 4), Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (Airteagail 7 agus 8), ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 4) agus ar Cheathrú Coinbhinsiún na Ginéive (Airteagal 4, Airteagal 76 agus Airteagal 147) sular glacadh lena rannpháirtíocht sa thionscadal?

2. I bhfianaise na sáruithe iomadúla ar an dlí idirnáisiúnta a dhéanann rialtas Iosrael trí choinníollacha coinneála agus príosúnachta na bphríosúnach ón bPalaistín, forghabháil na gCríoch Palaistíneach, an léirscrios a rinneadh ar bhonneagar daonnúil na Palaistíne arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus neamhchomhlíonadh na Rún ó na Náisiúin Aontaithe, nach bhfuil an t-am tagtha breithniú ar chosc a chur ar aon rannpháirtíocht ó chomhlachtaí Iosrael i dtionscadail arna maoiniú ag Horizon 2020?